

Dracula


8 *Bealtaine* Níor chodail mé ach ar feadh cúpla uair an chloig agus, ó tharla an codladh a bheith imithe ar strae orm, d'éirigh mé. Bhí mo scáthán bearrtha crochta agam taobh leis an bhfuinneog agus chrom mé ar mé féin a bharradh. Go tobann, bhraith mé lámh ar mo ghualainn agus chuala mé glór an Chunta, "Móra dhuit ar maidin."

Baineadh geit asam. B'ait liom nach raibh sé feicthe sa scáthán agam. Thug mé freagra béasach air, d'iompaigh mé an scáthán chun a íomhá a ghabháil – ach pioc dá scáil ní raibh ann. Ghearr mé mé féin, bhí preab chomh mór sin bainte asam. Bhí braonta fola le mo smig. Ar fheiceáil sin don Chunta tháinig fearg ina shúile agus rug sé greim ar mo scornach. Chúb mé uaidh agus theagmhaigh a lámh leis an gcros chéasta a bhí timpeall mo mhuiní. I bpreabadh na súl d'athraigh sé agus níorbh é an fear céanna a thuilleadh é.

"Aire duit, ná gearr tú féin arís," ar sé. "D'fhéadfadh a leithéid a bheith dainséarach sa tír seo." Cad a rinne sé ansin ach breith ar an scáthán agus é a chaitheamh amach an fhuinneog. Chuala mé an ghloine á briseadh ina smidiríní sa chlós. Dhún sé an fhuinneog agus bhailigh leis go dúr.

Ceisteanna

- 1 Cén fáth ar éirigh an t-údar?
- 2 Cad a tharla nuair a bhí an t-údar á bharradh féin?
- 3 Cén fáth ar baineadh geit as an údar?
- 4 Cad a rinne an Cunta nuair a chonaic sé an fhuil ar smig an údair?
- 5 Meas tú, cén fáth ar chaith an Cunta an scáthán amach an fhuinneog?



Cá bhfuil Shergar?

‘Taispeáin dúinn cá bhfuil an stail.’

B’aisteach an cheist í. Graí a bhí ann agus stail nó láir i ngach aon stábla dá raibh san áit. Ach thuig James Fitzpatrick, an príomheachaire, cad a bhí i gceist acu. Thug sé na fir díreach go dtí stábla Shergar.

Ní raibh fonn dá laghad air cluichí a imirt leo. Bhí púicíní orthu agus trí ghunna acu, meaisínghunna ceann acu. Bhí Shergar ar cheann de na staileanna ba mhó cáil ar domhan. Sa bhliain 1981 bhuaigh sé Derby Shasana agus bearna 10 bhfad idir é féin agus aon chapall eile, an bhearna ab fhaide i stair an rása. Bhuaigh sé Derby an Scuabghill in Éirinn ina dhiaidh sin.

Bhí a úinéir, an tAga Khan, a cheannaigh é in Goff’s i gCill, Co. Chill Dara, breá sásta leis. Bhí Shergar chomh luachmhar sin sa mhargadh gur dhíol an tAga Khan scaireanna ann. Bhí a fhios aige dá ndíolfadh sé scaireann sa chapall in Kentucky na Stáit Aontaithe go bhfaigheadh sé 30 milliún punt orthu. Ach theastaigh uaidh Shergar a choinneáil san Eoraip, áit a bhfuair sé 10 milliún punt ar na scaireanna.

Mar sin, nuair a thiomáin na fir armtha suas go graí an Aga Khan i gCo. Chill Dara ar 8.40 p.m. ar an 8ú Feabhra 1983 bhí a lán le cailleadh. Nuair a tháinig siad go dtí stábla Shergar tugadh amach é agus chuir na fir é isteach i mbosca capaill.

‘Isteach leatsa sa charr,’ a d’ordaigh duine de na fir do Fitzgerald. Thiomáin siad ón ngraí go tapaidh. Ní fhillfeadh Shergar ar an ngraí sin go deo arís.

Scaoileadh Fitzgerald saor gar do Chill Choca ar a deich a chlog an oíche sin. Sular scar sé lena fhuadaitheoirí dúirt siad leis go raibh siad ag éileamh 2 mhilliún punt cúitimh ar Shergar.

Cuireadh an cás i lámha an Cheannfoirt James Murphy. Ba eisean a ghabh Rose Dugdale tar éis ghoid na bpictiúr, arbh fhiú 8 milliún punt iad, as Teach Russborough in 1975. Ba é freisin a d’aimsigh Marion Coyle agus Eddie Gallagher in éindí leis an tionsclóir fuadaithe Tiede Herrema.

Go deimhin ní bhfuarthas Shergar riamh, in ainneoin na tréaniarrachta a rinne an Ceannfort Murphy. Is cinnte anois gur marbh atá an stail chluíteach. Tá seans ann go bhfuair sé bás go gairid tar éis a fhuadaithe trí thimpiste nó trí dhrochláimhseáil – é sin nó gur maraíodh é.

Ceisteanna

- 1 ‘Ní raibh fonn dá laghad air cluichí a imirt leo.’ Cén fáth?
- 2 Cad é an rud stairiúil a rinne an capall seo sa bhliain 1981?
- 3 Cá bhfios duit go raibh Shergar an-luachmhar?
- 4 Cén obair a bhí déanta ag an gCeannfort Murphy roimh chás Shergar?
- 5 Cad a tharla do Shergar, dar leis an údar? Cad a cheapann tú féin?